



**Comhad Idirinstitiúideach:
2008/0140(CNS)**

**ANTIDISCRIM 95
FREMP 291
GENDER 114
JAI 968
MI 583
SOC 435**

TUARASCÁIL

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	10476/24
Uimh. an doic. ón gCoim.:	11531/08 - COM(2008) 426 final
Ábhar:	Treoir maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme (Airteagal 19) – <i>Tuarascáil ar dhul chun cinn</i>

I. RÉAMHRÁ

An 2 Iúil 2008, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa togra le haghaidh Treoir ón gComhairle arb é is aidhm dó an chosaint ar idirdhealú ar fhorais reiligiúin nó creidimh, mhíchumais, aoise nó gnéaschlaonta a leathnú go réimsí lasmuigh den fhostaíocht. Agus reachtaíocht an Aontais¹ atá ann cheana sa réimse sin á comhlánú, dhéanfaí, leis an treoir chothrománach um chóir chomhionann atá beartaithe, idirdhealú ar na forais thuasluaite a thoirmeasc sna réimsí seo a leanas: an chosaint shóisialta, lena n-áirítear an tslándáil shóisialta agus an cúram sláinte; an t-oideachas; agus rochtain ar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht.

¹ Go háirithe, Treoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE ón gComhairle.

Tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin an 1 Nollaig 2009, tagann an togra faoi Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh anois (CFAE) (nós imeachta reachtach speisialta); tá, dá bhrí sin, gá le haontoilíocht sa Chomhairle, tar éis *toiliú* a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim an 2 Aibreán 2009² faoin nós imeachta comhairliúcháin. Beidh ar an gComhairle toiliú Pharlaimint na hEorpa a iarraidh maidir leis an téacs críochnaitheach.

Cé go bhfuil an togra á phlé le beagnach 16 bliana anuas, agus go bhfuil beagnach gach Uachtaránacht tar éis an comhad a chur ar chlár oibre na Comhairle, ní rabhthas in ann teacht ar chomhaontú go dtí seo. Cuireadh an Tuarascáil is déanaí ar Dhul Chun Cinn³ faoi bhráid Chomhairle EPSCO an 12 Meitheamh 2023.

Cé go bhfuil tromlach mór na dtoscaireachtaí ag tacú leis an Treoir le fada an lá, agus go n-aontaíonn siad leis an aidhm atá aici an creat dlíthiúil atá ann cheana a thabhairt chun críche trí aghaidh a thabhairt ar na ceithre fhoras idirdhealaithe uile trí chur chuige cothrománach, chuir roinnt eile acu a n-inní in iúl agus d'iarr siad soiléirithe maidir leis an easpa deimhneachta dlíthiúla a mheastar a bheith ann, roinnt na n-inniúlachtaí agus comhlíonadh phrionsabal na coimhdeachta, agus tionchar an togra, go háirithe i dtéarmaí na n-impleachtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann.

Rinneadh athdhréachtú tábhachtach thar na blianta chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní a cuireadh in iúl, lena n-áirítear trí shoiléiriú a dhéanamh ar na hoibleagáidí dlíthiúla maidir le substaint agus roinnt na hinniúlachta araon, agus tríd an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag an dréacht-Treoir a theorannú den chuid is mó.

Thacaigh an Coimisiún leis an iarracht teacht ar chomhréiteach agus, ag an am céanna, choimeád sé forchoimeádas grinnscrúdaithe maidir le haon athruithe ar a thogra bunaidh ag an gcéim seo.

² Féach A6-0149/2009. Cheap an Pharlaimint reatha Alice Kuhnke (SE/na Glasaigh/SGE) ina rapóirtéir.

³ 9043/23. Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle freisin maidir leis an togra (féach 9544/23).

II. OBAIR NA COMHAIRLE FAOI UACHTARÁNACHT NA BEILGE

Le linn Uachtaránacht na Beilge, rinneadh dianobair ar an togra chun aontoilíocht a bhaint amach. Pléadh an togra i dtrí chruinniú den Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta⁴ – trí huaire in Coreper⁵ agus ar leibhéal na Comhairle chomh maith. Thíolaic an Uachtaránacht ceithre shraith de mholtaí maidir le dréachtú, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní uile atá fós gan réiteach a chuir na toscaireachtaí in iúl, go háirithe iad siúd a bhaineann le deimhneacht dhlíthiúil, urraim do phrionsabal na coimhdeachta, agus an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag an treoir a bheidh ann amach anseo⁶.

Thug an Uachtaránacht aghaidh ar na hábhair inní sin ar an mbealach seo a leanas:

1. Rinneadh an téacs a athdhréachtú chun raon feidhme oibleagáidí na mBallstát maidir le *cóiríocht réasúnta* do dhaoine faoi mhíchumas (Airteagal 4 agus Aithrisí 19a go 20d) a shoiléiriú, ar cheart idirdhealú a dhéanamh idir é agus oibleagáid inrochtaineacht a áirithiú, oibleagáid a scriosadh roimhe sin.
2. Rinneadh *inniúlachtaí* na mBallstát *i réimsí an oideachais*, lena n-áirítear maidir le táillí a shocrú chomh maith le teorainneacha aoise, a shonrú ar bhealach níos sainráite (Airteagal 3(2)(d) agus Aithris 17g).
3. Rinneadh soiléiriú breise ar an téacs trí thagairt a dhéanamh do lánrogha leathan na mBallstát maidir le seirbhísí leasa ghinearálta a sholáthar, a choimisiúnú agus a eagrú, lena ndearbhaítear nach idirdhealú iad éagsúlachtaí i soláthar *seirbhísí leasa ghinearálta* idir leibhéal réigiúnacha nó áitiúla iontu féin (Airteagal 3(5a) agus Aithris 11).
4. Leasaíodh an téacs trí fhoráil a dhéanamh go bhféadfadh na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an *dúshlán déimeagrafach* a bhaineann le rátaí breithe atá ag meath (Airteagal 3(4a) agus Aithris 19-a).

⁴ Bhí cruinnithe ann an 20 Feabhra, an 14 Márta agus an 9 Aibreán.

⁵ An 18 Aibreán, an 26 Aibreán, agus an 14 Meitheamh.

⁶ 5552/24, 6630/24, 7549/24 agus 8616/24 (arna atáirgeadh gan athrú ar 8616/1/24 REV 1 agus le mionchoigeartuithe teicniúla agus eagarthóireachta in 10476/24).

5. Thairis sin, shoiléirigh an Uachtaránacht na coinníollacha maidir le *difríochtaí sa chóir ar fhorais aoise nó míchumais* (Airteagail 2(5a) agus 2(6), chomh maith le hAithrisí 14-a agus 14a).
6. Ar an gcaoi chéanna, shoiléirigh an Uachtaránacht na forálacha maidir le difríochtaí *sa chóir bunaithe ar aois nó riocht sláinte duine go sonrach i réimse na seirbhísí airgeadais* (Airteagal 2(7a)-(7) agus Aithris 15ab).
7. Laghdaíodh an *tréimhse thrasuí* go 3 bliana i gcomparáid leis an dréacht roimhe sin, i bhfianaise na tréimhse ama sínithe a bhí caite cheana féin ó chonaic an togra solas an lae ar dtús, agus athraíodh foclaíocht na forála ábhartha i gcomhréir leis an gcleachtas atá ann cheana (Airteagal 15(2)). Ar an taobh eile, cuireadh síneadh 4 bliana leis an *oibleagáid tuairiscithe*.
8. Athraíodh foclaíocht Aithris 9 chun a dhearbhu go sainráite go ndearnadh measúnú cúramach maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.
9. Rinneadh roinnt athruithe freisin chun an téacs a *nuashonrú* agus chun a chomhsheasmhacht agus a shoiléireacht inmheánach a fheabhsú.

Ag Coreper an 18 agus an 26 Aibreán, thacaigh tromlach mór na dtoscaireachtaí leis an téacs ón Uachtaránacht agus leis an aidhm teacht ar chur chuige ginearálta sa Chomhairle an 7 Bealtaine 2024. Mar sin féin, d'iarr roinnt toscaireachtaí níos mó ama chun a bpróisis chinnteoireachta inmheánacha a thabhairt chun críche agus chun go mbeadh an deis acu aon bharúlacha atá fós gan réiteach a sheoladh isteach⁷. Dá bhrí sin, d'athraigh an Uachtaránacht aidhm an phlé a rinneadh i gComhairle EPSCO an 7 Bealtaine go díospóireacht bheartais. Le linn na díospóireachta beartais⁸ sa Chomhairle, d'iarr tromlach mór na dtoscaireachtaí go dtiocfaí ar chomhaontú go pras faoi Uachtaránacht na Beilge maidir leis an togra bunaithe ar an téacs comhréitigh is déanaí. Choimeád trí thoscaireacht a bhforchoimeádais ghinearálta, áfach.

⁷ Ní bhfuair an Uachtaránacht aon bharúil i scríbhinn.

⁸ 9094/24.

Tar éis na díospóireachta beartais sa Chomhairle, bhí plé déthaobhach ag an Uachtaránacht leis na toscaireachtaí a raibh inní fós orthu agus iad ag iarraidh teacht ar réitigh agus an bealach a réiteach chun teacht ar aontoilíocht. Cuireadh an Treoir arís ar chlár oibre Coreper an 14 Meitheamh⁹. In ainneoin go bhféadfadh tromlach mór na dtoscaireachtaí tacú leis an téacs ón Uachtaránacht agus leis an aidhm teacht ar chur chuige ginearálta sa Chomhairle, bhí trí thoscaireacht ann fós a choimeád forchoimeádais le linn an phlé ag Coreper. Ba léir, dá bhrí sin, nach rabhthas fós in ann teacht ar an aontoilíocht ba ghá.

III. CONCLUÍD

Tá an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht i gceangal leis an tuarascáil seo. Dheimhnigh formhór mór na dtoscaireachtaí go dtacaíonn siad go láidir leis an téacs sin agus d'iarr siad go nglacfaí go pras é. Chuir an Coimisiún i bhfios go láidir go measann sé i gcónaí gur tosaíocht é an togra a ghlacadh.

Tugann an Uachtaránacht dá haire nach bhfuil formheas d'aon toil fós ag an téacs comhréitigh reatha, ina gcuirtear san áireamh na hábhair shonracha inní uile a cuireadh in iúl agus a dtacaíonn 24 Bhallstát leis. I bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht faoi láthair ar idirdhealú agus ciapadh grúpaí leochaileacha, lena léirítear go bhfuil géarghá le cosaint choiteann chothrománach a áirithiú do shaoránaigh ar fud an Aontais Eorpaigh ar idirdhealú ar bhonn na bhforas cosanta uile, tá súil ag an Uachtaránacht go bhféadfar tuilleadh tacaíochta a bhailiú go luath amach anseo, chun an aontoilíocht is gá a bhaint amach sa Chomhairle.

⁹ Ní bhfuarthas aon mholtaí breise maidir le dréachtú, agus ní dhearna an Uachtaránacht aon athruithe substainteacha ar an téacs comhréitigh a pléadh in Coreper an 18 agus an 26 Aibreán. Níor tugadh isteach ach mionchoigeartuithe teicniúla agus eagarthóireachta (féach 10476/24).

Togra le haghaidh

TREOIR ÓN gCOMHAIRLE

maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 19(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach¹⁰,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa¹¹,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

¹⁰ IO C , , lch. .

¹¹ IO C , , lch. .

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínt an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar luach an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, ar luachanna iad is coiteann do na Ballstáit uile iad. I gcomhréir le hAirteagal 6 CAE, aithníonn an tAontas na cearta, na saoirsí agus na prionsabail a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt um Chearta Bunúsacha'). De bhun an Airteagail chéanna, is prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais a bheidh sna cearta bunúsacha mar a ráthaítear leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus mar a thig siad as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit.
- (2) An ceart chun comhionannais os comhair an dlí agus cosaint ar idirdhealú don uile duine, is ceart uilíoch é sin a aithnítear le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdehalaithe in Aghaidh na mBan a Dhíothú, leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdehalaithe Chiníoch a Dhíothú, le Cúnaint na Náisiún Aontaithe ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRRP), leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a chosaint agus le Cairt Shóisialta na hEorpa, a bhfuil na Ballstáit uile ina sínitheoirí díobh. Leis an Treoir seo, agus go háirithe leis na forálacha maidir le cóiríocht réasúnta, urramaítear na prionsabail bhunúsacha a aithnítear in UNCRRP agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Oidhreacht Dhomhanda, Chultúrtha agus Nádúrtha a Chosaint.

- (2a) Ón 23 Nollaig 2010, is páirtí in UNCRPD é an tAontas. Is cuid lárnach de dhlíchóras an Aontais Eorpaigh iad forálacha UNCRPD, i gcomhréir le hAirteagal 216(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus ba cheart, dá bhrí sin, reachtaíocht an Aontais a léirmhíniú ar bhealach atá comhsheasmhach le UNCRPD. Go háirithe, áirítear in Airteagal 2 UNCRPD, an diúltú do chóiríocht réasúnta sa sainmhíniú uaidh ar idirdhealú agus áirítear, in Airteagal 9, oibleagáidí maidir le hinrochtaineacht. Sa Teachtaireacht uaidh dar teideal ‘Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030’, leagann an Coimisiún béim ar an neamhionannas agus ar an idirdhealú atáthar á dhéanamh go leanúnach in aghaidh daoine faoi mhíchumas lasmuigh de réimse na fostaíochta, mar shampla cosaint shóisialta, cúram sláinte, oideachas, agus rochtain ar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht, agus an gá atá le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i reachtaíocht an Aontais maidir leis na hábhair sin. Leis an Treoir seo, rannchuidítear le tabhairt faoi na saincheisteanna sin agus gníomhaíochtaí eile arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát agus UNCRPD á chur chun feidhme.
- (3) Urramaítear leis an Treoir seo na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail bhunúsacha a aithnítear go háirithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha. Le hAirteagal 10 den Chairt um Chearta Bunúsacha aithnítear an ceart chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin; le hAirteagal 21, toirmisctear aon idirdhealú, lena n-áirítear ar fhorais reiligiúin nó chreidimh, mhíchumais, aoise nó treoshuímh ghnéasaigh; agus le hAirteagal 26 aithnítear an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas chun tairbhiú de bhearta atá ceaptha chun neamhspleáchas na ndaoine sin a áirithiú.
- (4)
- (5) Sa Bhruiséil, an 14 Nollaig 2007, d’iarr an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit, sna Conclúidí uathí, na hiarrachtaí a neartú chun idirdhealú a chosc agus a chomhrac laistigh agus lasmuigh de mhargadh an tsaothair.

- (5a) Chun Aontas Comhionannais a thógáil, ghlac an Coimisiún príomhstraitéisí agus príomhphleananna gníomhaíochta¹² in 2020 agus 2021 lena gcuirtear prionsabal na córa comhionainne chun cinn agus lena rannchuidítear leis an idirdhealú a chomhrac le meascán de bhearta spriocdhírthe agus tríd an gcomhionannas a phríomhshruthú i ngach réimse beartais, agus tagairt á déanamh aige freisin don tábhacht a bhaineann le cur chuige trasnach.
- (5ab) An 4 Márta 2022, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le ciníochas agus frithsheimíteachas a chomhrac chun aghaidh a thabhairt ar an ardú scanrúil atá tagtha ar theagmhais chiníocha agus fhrithsheimíteacha i mBallstáit an Aontais Eorpaigh¹³. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal *No place for hate: a Europe united against hatred* [Ní ghlacfar leis an bhfuath: Eoraip le chéile i gcoinne an fhuatha] dlús a chur le hiarrachtaí an Aontais an fuath de gach cineál a chomhrac, trí ghníomhaíocht a threisiú i mbeartais éagsúla. Go háirithe, is glao ar ghníomhaíocht í an Teachtaireacht chun a áirithiú gur áit í an Eoraip ina dteachtann gach duine luachanna bunaidh an Aontais. Tá an comhionannas agus neamh-idirdhealú i measc na luachanna bunaidh agus na gceart bunúsach sin, mar a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Is iad an bonn lena n-áirithítear gur féidir le gach duine, pé hiad féin, maireachtáil le chéile gan eagla. Tá an tAontas tiomanta sochaí a thógáil ina mbeidh an deis chéanna ag gach duine rath a bhaint amach agus ina mbeidh an tsaoirse acu chun a n-indibhidiúlacht a chur in iúl. Is bealach cumhachtach é sochaí mar sin a chothú chun sinn a chosaint ar an bhfuath agus ar an éadulaingt¹⁴.

¹² [an Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025](#), [Plean Gníomhaíochta Frithchiníochais an Aontais Eorpaigh 2020-2025](#), [Creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2020-2030](#), [an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025](#), agus [Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030](#). Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún straitéis maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú.

¹³ [pdf \(europa.eu\)](#)

¹⁴ JOIN (2023) 51 final, an 6.12.2023

- (5ac) Mar fhreagairt ar na Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2023¹⁵, leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2023 dar teideal ‘An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta’¹⁶, cur chuige cuimsitheach i ndáil leis an athrú déimeagrafach, ina gcuirtear i láthair tacar uirlisí atá ar fáil do na Ballstáit agus ina n-iarrtar ar na Ballstáit an comhionannas, agus an neamh-idirdhealú agus cothroime idirghlúine a chur i gcroílár a gcuid roghanna beartais.
- (6) D’iarr Parlaimint na hEorpa go leathnófaí an chosaint ar an idirdhealú i ndlí an Aontais Eorpaigh i Rún an 20 Bealtaine 2008, i Rún an 8 Meán Fómhair 2015 agus i Rún an 19 Aibreán 2023 uaithi.
- (6a) Bíonn tionchar tromchúiseach ag an idirdhealú ní hamháin ar dhaoine aonair ach ar tsochaí chomh maith, lena n-áirítear ar an olltáirgeacht intíre, ar ioncam cánach agus ar chomhtháthú sóisialta. Is féidir leis an gcosaint ar an idirdhealú dá bhforáiltear sa Treoir seo rannchuidiú le stádas sláinte níos fearr, le torthaí oideachais agus, ar na cúiseanna sin uile, le méadú ar olltáirgeacht intíre na mBallstát.

¹⁵ Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 29-30 Meitheamh 2023.

¹⁶ COM(2023)577 final 11.10.2023.

(7) Dheimhnigh an Coimisiún Eorpach sa Teachtaireacht uaidh dar teideal *Renewed social agenda: Opportunities, access and solidarity in 21st century Europe* [Clár oibre sóisialta athnuaite: Deiseanna, rochtain agus dlúthpháirtíocht san Eoraip san 21ú haois], i gcás sochaithe ina meastar go mbaineann luach comhionann le gach duine aonair, nár cheart do bhacainní saorga ná idirdhealú d'aon chineál bac a chur ar dhaoine na deiseanna sin a shaothrú. D'fhéadfadh idirdhealú atá bunaithe ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh an bonn a bhaint de ghnóthú chuspóirí an Aontais mar a leagtar síos sna Conarthaí iad, go háirithe ardleibhéal fostaíochta agus cosanta sóisialta a bhaint amach, ardú ar an gcaighdeán maireachtála, agus ar an gcáilíocht saoil, comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta agus dlúthpháirtíocht. D'fhéadfadh sé chomh maith an bonn a bhaint den chuspóir deireadh a chur le constaicí ar shaorghluaiseacht daoine, earraí agus seirbhísí idir na Ballstáit. Chuir an Coimisiún i bhfíor go láidir an athuair agus d'athnuaigh sé a thiomantas idirdhealú a chomhrac agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn sa Teachtaireacht uaidh dar teideal *Non-discrimination and equal opportunities: A renewed commitment* [Neamh-idirdhealú agus comhionannas deiseanna: Tiomantas athnuaite]. In 2017, d'fhorógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear, mar an tríú prionsabal de, an ceart atá ag gach duine, gan beann ar inscne, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh, chun córa comhionainne agus comhionannais deiseanna maidir le fostaíocht, cosaint shóisialta, oideachas, agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí atá ar fáil don phobal¹⁷. Sa phlean gníomhaíochta uaidh lena gcuirtear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta chun feidhme, dearbhaíonn an Coimisiún go bhfuil gá, ar mhaithe le cóir agus rochtain chomhionann, le creat dlíthiúil éifeachtach, a dhéanfar a fhorfheidhmiú i gceart agus atá cothrom le dáta, ag tagairt go háirithe don Treoir seo¹⁸.

¹⁷ An Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (2017/C 428/09) (IO C 428/10, 13.12.2017).

¹⁸ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *The European Pillar of Social Rights Action Plan* [Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta], (COM/2021/102 final), 4.3.2021.

(8) Áirítear i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá ann cheana trí ionstraim dlí atá bunaithe ar Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, ar cuireadh Airteagal 19 CFAE ina ionad, agus ionstraim dlí amháin atá bunaithe ar Airteagal 19 CFAE. Is iad Treoracha 2000/43/CE¹⁹, 2000/78/CE²⁰ agus 2004/113/CE²¹ na chéad trí ionstraim dlí, arb é is aidhm dóibh idirdhealú ar fhorais ghnéis, tionscnaimh chiníoch nó eitnigh, reiligiúin nó chreidimh, mhíchumais, aoise nó gnéaschlaonta a chosc agus a chomhrac. Tá luach na reachtaíochta maidir le comhrac an idirdhealaithe léirithe ag na hionstraimí sin. Go háirithe, le Treoir 2000/78/CE bunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha ar fhorais reiligiúin agus chreidimh, mhíchumais, aoise agus gnéaschlaonta. Ní mar a chéile idir na Ballstáit éagsúla áfach méid ná cineál na cosanta ar an idirdhealú ar na forais sin thar réimsí na fostaíochta. Le Treoir 2000/43/CE, cosnaítear daoine i gcoinne idirdhealú ar fhorais a dtionscnaimh chiníoch nó eitnigh maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí, cosaint shóisialta chomh maith le hoideachas, ach le Treoir 2004/113/CE tairgtear cosaint ar idirdhealú ar fhoras gnéis maidir le rochtain ar earraí agus seirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí, cé is moite d'ábhar na meán agus ábhar fógraíochta agus den oideachas chomh maith. Seachas na trí ionstraim dlí sin, le Treoir 2024/1499/AE ón gComhairle²², bunaítear agus leagtar síos caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais darb aidhm forfheidhmiú cuí na dTreoracha sin agus Treoracha eile i réimse na córa comhionainne a áirithiú.

¹⁹ Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach (IO L 180, 19.7.2000, lch. 22).

²⁰ Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).

²¹ Treoir 2004/113/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí (IO L 373, 21.12.2004, lch. 37).

²² TREOIR (AE) 2024/1499 ÓN gCOMHAIRLE an 7 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena leasaítear Treoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE. (IO L, 2024/1499, 29.5.2024, lch. 1.)

- (9) Is é is cuspóir don Treoir seo, dá bhrí sin, bunaithe ar mheasúnú cúramach i bhfianaise phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, i leith na bhforas a chumhdaítear léi, méid agus cineál na cosanta[...] ar an idirdhealú a leathnú thar réimsí na fostaíochta go dtí na réimsí sonracha a leagtar amach sa Treoir seo. Dá bhrí sin, ba cheart do reachtaíocht an Aontais idirdhealú a chosc atá bunaithe ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh i roinnt réimsí lasmuigh de mhargadh an tsaothair, eadhon rochtain ar chosaint shóisialta, rochtain ar oideachas agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus soláthar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht. Ba cheart seirbhísí a thuiscint de réir bhrí Airteagal 57 CFAE.
- (10) Le Treoir 2000/78/CE, toirmiscear idirdhealú sa rochtain ar an ngairmoiliúint; is gá an chosaint sin a chur i gcrích tríd an toirmeasc ar idirdhealú a leathnú chuig an oideachas nach meastar gur gairmoiliúint é.
- (11) Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar d’inniúlachtaí na mBallstát, go háirithe i réimsí an oideachais, na slándála sóisialta agus an chúraim sláinte. Ba cheart í a bheith gan dochar freisin do ról bunriachtanach agus do lánrogha leathan na mBallstát maidir le seirbhísí leasa ghinearálta a sholáthar, a choimisiúnú agus a eagrú, lena bhféadfaí leibhéil éagsúla seirbhísí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil a áireamh, ag brath, mar shampla, ar roinnt na n-inniúlachtaí laistigh de na Ballstáit agus ar imthosca réigiúnacha agus áitiúla. Dá bhrí sin, ní hionann difríochtaí sa chóir a eascraíonn as éagsúlachtaí réigiúnacha nó áitiúla i leibhéal na seirbhísí sin agus idirdhealú de réir bhrí na Treorach seo.
- (12) Leis an idirdhealú, tuigtear go n-áirítear idirdhealú díreach, idirdhealú indíreach, ciapadh, treoracha chun idirdhealú agus diúltú cóiríocht réasúnta a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. Tuigtear leis freisin go dtarlaíonn idirdhealú bunaithe ar níos mó ná foras amháin.

- (12a) Mar is féidir a dhíorthú ó chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tarlaíonn idirdhealú, *inter alia*, nuair a chaitear le duine ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna, nó nuair a dhéantar é a chiapadh, toisc caidreamh a bheith ag an duine sin, nó a cheaptar a bheith aige, le daoine a bhfuil reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh áirithe acu, nó le heagraíochtaí atá tiomnaithe do chearta na ndaoine sin a chur chun cinn. Tarlaíonn idirdhealú chomh maith nuair a chaitear le duine ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna, nó nuair a dhéantar é a chiapadh, toisc go ndéantar talamh slán de reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh áirithe a bheith aige²³.
- (12ab) D'fhéadfadh sé a bheith tábhachtach a chur san áireamh na cásanna sonracha míbhuntáiste a eascraíonn as il-idirdhealú, lena n-áirítear idirdhealú trasnach, chun réaltacht chasta na gcásanna idirdhealaithe a léiriú agus chun cosaint na n-íospartach a fheabhsú. Tuigtear idirdhealú trasnach mar idirdhealú, in aon cheann dá chineálacha, a tharlaíonn ar bhonn aon mheascáin de dhá fhoras nó níos mó de na forais seo a leanas, lena n-áirítear i gcás ina nglacfaí ar leithligh é nach mbeadh an cás ina chúis le hidirdhealú in aghaidh an duine lena mbaineann: reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh, chomh maith le meascán de cheann amháin nó níos mó de na forais sin agus aon fhoras atá faoi chosaint faoi Threoir 2000/43/CE, Treoir 2004/113/CE nó Treoir 79/7/CEE.
- (12b) Tá ciapadh contrártha do phrionsabal na córa comhionainne, toisc nach féidir le híospartaigh ciaptha rochtain ar chosaint shóisialta, oideachas agus earraí agus seirbhísí a theachtadh ar bhonn comhionann le daoine eile. Is iomaí foirm dhifriúil den chiapadh atá ann, lena n-áirítear iompar neamh-inmhianaithe ar iompar béil, iompar fisiciúil nó iompar eile neamhbhriathartha é. Féadfar a mheas gur ciapadh é an t-iompar sin de réir bhrí na Treorach seo má dhéantar é an athuir nó ar shlí eile atá chomh tromchúiseach sin go bhfuil sé de chuspóir nó d'éifeacht aige dínit an duine a shárú agus timpeallacht imeaglaithe, naimhdeach, tháireach, uiríslithe nó ghránna a chruthú.

²³ Breithiúnais ón gCúirt an 16 Iúil 2015, *CHEZ Razpredelenie Bulgaria*, C-83/14, EU:C:2015:480 agus an 17 Iúil 2008, *Coleman*, C-303/06, EU:C:2008:415.

- (13) Agus prionsabal na córa comhionainne á chur chun feidhme gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh, ba cheart é a bheith d’aidhm ag an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE, neamhionannais a dhíothú agus comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn, go háirithe toisc gur minic gur mná iad na híospartaigh idirdhealaithe ar níos mó ná foras amháin.

Agus na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh á n-ullmhú nó á n-athbhreithniú, ba cheart do na Ballstáit an tionchar difreálach ar fhir agus ar mhná a chur san áireamh.

- (14) Ba cheart é a bheith faoi na comhlachtaí breithiúnacha náisiúnta nó comhlachtaí inniúla eile i gcomhréir le rialacha an dlí náisiúnta nó an chleachtais náisiúnta na fíorais a mheas óna bhféadfar a thiomhdiú go ndearnadh idirdhealú díreach nó indíreach. D’fhéadfaí a fhoráil leis na rialacha sin, go háirithe, go mbeifí in ann idirdhealú indíreach a shuí trí aon mhodh lena n-áirítear ar bhonn fianaise staitistiúla agus/nó eolaíoch.
- (14-a) Féadfar glacadh le difríochtaí sa chóir ar fhorais aoise in imthosca áirithe má tá údar leo ar mhaithe le haidhm dhlisteanach agus má tá na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach. D’fhéadfaí a áireamh leis sin rochtain shrianta ar chosaint shóisialta do dhaoine a bhaineann le haoisghrúpaí sonracha nó an chosaint sin a dhifreáil i ngeall ar riachtanais éagsúla aoisghrúpaí éagsúla.
- (15ab) D’fhéadfadh sé nach mbeadh cás daoine in aoisghrúpaí éagsúla inchomparáide chun measúnú a dhéanamh ar an riosca i gcomhthéacs seirbhísí áirithe árachais, baincéireachta agus airgeadais eile. Is amhlaidh atá sé i gcás daoine atá i riocht sláinte sonracha, riocht sláinte a d’fhéadfadh a bheith ina thoisic chinntitheach sa mheasúnú riosca a dhéantar i gcomhthéacs na seirbhísí sin. Dá bhrí sin, ba cheart coinníollacha a leagan síos sa Treoir seo faoinar ceadmhach difríochtaí sa chóir, laistigh dá raon feidhme, má tá údar oibiachtúil leo ar mhaithe le haidhm dhlisteanach agus má tá na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach.

- (14a) Féadfar glacadh le cóir fhabhrach i ndáil le míchumas nó haois mar fhoirm córa difreálaí in imthosca áirithe má tá údar oibiachtúil leo ar mhaithe le haidhm dhlisteanach agus má tá na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach.
- Sa chomhthéacs sin, ba cheart cur chun cinn lánpháirtiú eacnamaíoch, cultúrtha nó sóisialta daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhaineann le haoisghrúpaí sonracha a bheith ina aidhm dhlisteanach. Ba cheart an modh chun an aidhm sin a bhaint amach, ar nós coinníollacha rochtana níos fabhraí a thairiscint do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhaineann le haoisghrúpaí sonracha, a bheith iomchuí agus riachtanach. Maidir le bearta a bhaineann le haois nó le míchumas lena dtairgtear coinníollacha níos fabhraí do dhaoine d'aois áirithe nó do dhaoine faoi mhíchumas ná mar atá ar fáil do dhaoine eile, mar shampla taraifí saora nó laghdaithe ar leas a bhaint as iompar poiblí, músaeim, nó saoráidí spóirt, measfar go bhfuil siad ag luí le prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus ní idirdhealú ar fhoras aoise nó míchumais iad.
- (15)
- (15b) Tá sé tábhachtach gur féidir custaiméirí agus comhlachtaí breithiúnacha agus gearáin ábhartha a chur ar an eolas, arna iarraidh sin, faoi na cúiseanna a mhíníonn difríochtaí sa chóir bunaithe ar aois nó riocht sláinte i seirbhísí airgeadais i gcásanna aonair. Gan oibleagáid a bheith ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de a nochtadh, tá sé tábhachtach go mbeadh an fhaisnéis a sholáthraítear úsáideach agus intuigthe don phobal i gcoitinne agus go míneodh sí difríochtaí sa riosca aonair don tseirbhís atá i gceist.
- (16) Tá an tsaoirse conartha ag gach duine aonair, lena n-áirítear an tsaoirse comhpháirtí conarthach d'idirbheart a roghnú. Níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le hidirbhearta eacnamaíocha arna ndéanamh ag daoine aonair a ndéantar na hidirbhearta sin lena n-aghaidh i gcomhthéacs an tsaoil phríobháidigh nó an tsaoil teaghlaigh.

- (17) Agus idirdhealú á thoirmeasc, tá sé tábhachtach cearta agus saoirsí bunúsacha eile a urramú i gcomhréir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha agus leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, lena n-áirítear cosaint an tsaoil phríobháidigh agus an tsaoil teaghlaigh, cearta daoine scothaosta, saoirse reiligiúin, saoirse comhlachais, saoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse an phreasa, saoirse faisnéise, saoirse conartha agus saoirse fiontraíochta. Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar do bhearta a leagtar síos sa dlí náisiúnta, ar bearta iad atá iomchuí agus riachtanach, i sochaí dhaonlathach, ar mhaithe le haidhm dhlisteanach a bhaint amach, lena n-áirítear an tslándáil phoiblí nó an t-ord poiblí a choimeád, an choireacht a chosc, an tsláinte a chosaint, agus cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.
- (17a) Cumhdaítear sa Treoir seo cur i bhfeidhm phrionsabal na córa combhionainne maidir le rochtain ar chosaint shóisialta, rochtain ar oideachas agus rochtain ar earraí agus seirbhísí agus soláthar earraí agus seirbhísí laistigh de theorainneacha inniúlachtaí an Aontais. Ní áirítear le coincheap ‘rochtain’ an cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, an bhfuil duine incháilithe cosaint shóisialta nó oideachas a fháil, toisc gurb iad na Ballstáit atá freagrach as a gcórais cosanta sóisialta agus oideachais a eagrú agus a chistiú agus as ábhar na gcóras sin, agus as a shainiú cé atá i dteideal cosaint shóisialta nó oideachas a fháil.

- (17b) De réir bhrí na Treorach seo, ba cheart slándáil shóisialta, cúnamh sóisialta, tithíocht shóisialta agus cúram sláinte a chumhdach le cosaint shóisialta. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir leis na cearta, na teidlíochtaí agus na sochair uile a eascraíonn as scéimeanna slándála sóisialta ginearálta nó speisialta, scéimeanna cúnaimh shóisialta agus scéimeanna cúraim sláinte, ar scéimeanna reachtúla iad nó ar scéimeanna iad a sholáthraíonn an Stát nó páirtithe príobháideacha go díreach. Sa chomhthéacs sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir maidir le sochair in airgead tirim, le sochair chomhchineáil agus le seirbhísí, gan beann ar cibé acu is scéimeanna ranníocacha nó scéimeanna neamhranníocacha atá i gceist. Áirítear leis na scéimeanna thuasluaite, mar shampla, brainsí na slándála sóisialta a shainítear le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004²⁴ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chomh maith le scéimeanna lena bhforáiltear do shochair nó do sheirbhísí a dheonaítear ar chúiseanna a bhaineann le heaspa acmhainní airgeadais nó le baol eisiaimh shóisialta.
- (17f) Le hinniúlacht na mBallstát maidir le heagrú a gcóras cosanta sóisialta áirítear inniúlacht chun na córais sin agus socruithe gaolmhara a bhunú, a mhaoiniú agus a bhainistiú chomh maith leis an inniúlacht substaint, méid, ríomh agus fad na sochar agus na seirbhísí a chinneadh, agus coinníollacha incháilitheachta do shochair agus do sheirbhísí a shocrú, lena n-áirítear teorainneacha aoise, chomh maith leis na coinníollacha sin a choigeartú chun inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a áirithiú.
- (17g) Le hinniúlacht na mBallstát maidir le heagrú a gcóras oideachais agus ábhar na múinteoireachta agus na ngníomhaíochtaí oideachais, lena n-áirítear oideachas a sholáthar do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, áirítear an inniúlacht institiúidí oideachais a bhunú, a mhaoiniú agus a bhainistiú, curaclaim agus gníomhaíochtaí oideachais eile a fhorbairt, próisis scrúdaithe a shainiú agus na coinníollacha incháilitheachta a leagan síos, in institiúidí oideachais poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear, mar shampla, táillí a shocrú chomh maith le teorainneacha aoise do scoileanna, do chúrsaí nó do scoláireachtaí, deontais agus iasachtaí do mhic léinn.

²⁴ Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

- (17h) Níl feidhm ag an Treoir seo maidir le hábhair a chumhdaítear faoin dlí teaghlaigh lena n-áirítear stádas pósta agus uchtú agus maidir le dlíthe a bhaineann le cearta atáirgthe. Tá sí gan dochar chomh maith do chineál saolta an Stáit, institiúidí nó comhlachtaí stáit, nó an oideachais.
- (18)
- (19) De réir Airteagal 17 CFAE, urramaíonn an tAontas an stádas faoin dlí náisiúnta atá ag eaglaisí agus ag comhlachais nó pobail reiligiúnacha sna Ballstáit agus ní dhéanann sé dochar don stádas sin agus urramaíonn sé stádas eagraíochtaí fealsúnacha agus neamhchreidmheacha chomh maith céanna.
- (19-a) Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar do bhearta náisiúnta spriocdhírithé lena ndéonaítear cóir fhabhrach neamh-idirdhealaitheach a mhéid a bhaineann le sochair shóisialta áirithe nuair is gá agus a fhad is gá chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán déimeagrafach a bhaineann le rátaí breithe atá ag meath arna léiriú le sonraí cruinne lena léirítear an meath sin sna rátaí breithe. D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta sin, mar shampla, tacaíocht airgeadais nó tacaíocht tithíochta do theaghlaigh.
- (19a) Áirítear ar dhaoine faoi mhíchumas daoine ar a bhfuil lagú fadtéarmach coirp, meabhrach, intleachtúil nó céadfach, ar lagú é, nuair a bhíonn orthu dul i ngleic le bacainní éagsúla, a d'fhéadfadh bac a chur ar rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach a bheith acu sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile. Ba cheart an sainmhíniú ar 'fadtéarmach' maidir le coincheap an mhíchumais a mheas i bhfianaise chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go háirithe an breithiúnas uaithi i gCás C-395/15.

(19ab) Bunaítear prionsabal na hinrochtaineachta i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Déantar foráil maidir leis sin sa Choinbhinsiún, d'fhonn a chur ar chumas daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách agus a bheith páirteach go hiomlán i ngach gné den saol, go bhfuil na Ballstáit, ina gcáil mar Stáit is Páirtithe, le bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas, ar bhonn comhionann le daoine eile, ar an timpeallacht fhisiciúil, ar iompar, ar fhaisnéis agus ar chumarsáid, lena n-áirítear teicneolaíochtaí agus córais faisnéise agus chumarsáide, agus ar shaoráidí agus seirbhísí eile atá oscailte don phobal nó a chuirtear ar fáil don phobal i limistéir uirbeacha agus thuaithe araon.

(19b)

(19c)

(19ca) D'fhonn comhionannas a chur chun cinn agus idirdhealú a dhíothú, ba cheart do na Ballstáit, de bhun na Treorach seo agus i gcomhréir le UNCPRD, na bearta iomchuí ar fad a dhéanamh lena áirithiú go gcuirfead cóiríocht réasúnta ar fáil. Déantar an oibleagáid cóiríocht réasúnta a chur ar fáil, ar choinníoll nach n-eascróidh aon ualach díréireach aisti, a bhunú cheana i dTreoir 2000/78/CE agus in UNCRPD. I gcomhréir leis na hionstraimí sin, mar a léirmhíonann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh í, ciallaíonn cóiríocht réasúnta an modhnú agus na coigeartuithe is gá agus is iomchuí nach bhforchuirtear ualach díréireach leo, más gá sin i gcás ar leith, chun a áirithiú go dteachtfaidh daoine faoi mhíchumas cearta uile an duine agus na saoirsí bunúsacha uile nó go bhfeidhmeoidh siad na cearta agus na saoirsí sin ar bhonn comhionann le daoine eile. Cuirtear ar fáil í de ghnáth ar bhonn cás ar chás do dhuine i bhfoirm modhnuithe agus/nó i bhfoirm tacaíochta i gcúinsí sonracha, chun go mbeidh duine sin in ann rochtain a fháil ar chásanna nó timpeallachtaí nach bhfuil inrochtana nó chun go mbeidh siad in ann ceart a fheidhmiú. Is féidir le cóiríocht réasúnta a bheith sealadach, mar shampla, rampa inbhainte le haghaidh céimeanna beaga, bogearraí léitheoireachta scáileáin ar ríomhaire, ateangaire teanga chomharthaíochta le haghaidh imeacht ar leith, curaclaim, ábhair foghlama agus straitéisí teagaise a choigeartú, nó rochtain a thabhairt ar phearsanra tacaíochta.

(19cb)

(19cc) Ní gá bearta maidir le cóiríocht réasúnta a dhéanamh ach amháin a mhéid nach bhforchuirtear ualach díréireach leo. Níor cheart do dhíolúintí ó cheanglas amháin nó níos mó maidir le cóir chomhionann mar gheall ar an ualach díréireach a fhorchuirtear leo dul thar a bhfuil fíor-riachtanach chun an t-ualach sin a theorannú i ndáil le gach cás ar leith. Ba cheart bearta lena bhforchuirfí ualach díréireach a thuiscint mar bhearta lena bhforchuirfí ualach breise eagrúcháin nó airgeadais iomarcach, agus an tairbhe ba dhóichí a bheadh ann do na daoine faoi mhíchumas lena mbaineann á cur san áireamh. Níor cheart ach cúiseanna dlisteanacha a chur san áireamh in aon mheasúnú.

(19d)

(20)

(20-a) Tá ról tábhachtach ag bearta chun cóiríocht réasúnta a chur ar fáil i gcásanna aonair, chun comhionannas iomlán iarbhír a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir seo. I gcomhthéacs caidreamh conarthach nó caidreamh de chineál eile atá fadtéarmach idir an tsoláthraí agus an duine faoi mhíchumas, d'fhéadfaí a mheas gur cóiríocht réasúnta é athrú struchtúrach ar an áitreabh nó ar an trealamh. Féadfar a chuimsiú mar chóiríocht réasúnta gnáthbheartais, gnáthnósanna imeachta agus gnáthchleachtais an tsoláthraí a choigeartú nó a mhodhnú, coinníollacha rochtana a chur in oiriúint agus cúnaimh sonracha nó seirbhísí sonracha a chur ar fáil, agus riachtanais ar leith duine faoi mhíchumas á gcur san áireamh, chun go mbainfear toradh comhionann amach. Níor cheart ualach díréireach a bheith ann mar thoradh ar bhearta a dhéantar chun cóiríocht réasúnta a chur ar fáil.

- (20aa) Mar sin féin, agus tithíocht á soláthar, níor cheart é a bheith de cheangal ar an soláthraí, chun na forálacha maidir le cóiríocht réasúnta a leagtar amach sa Treoir seo a chomhlíonadh, athruithe struchtúracha a dhéanamh ar an áitreabh nó íoc as na hathruithe sin. I gcomhréir leis an dlí agus leis an gcleachtas náisiúnta, ba cheart don soláthraí glacadh leis na hathruithe sin má chistítear iad ar shlí eile agus mura bhforchuirtear ualach díréireach de chineál eile leo.
- (20-b) Moltar do na Ballstáit bearta nuálacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun cóiríocht réasúnta a áirithiú.
- (20ab)
- (20b) Agus measúnú á dhéanamh an bhforchuirfí ualach díréireach le bearta chun cóiríocht réasúnta a áirithiú, ba cheart aird a thabhairt ar roinnt tosca lena n-áirítear, *inter alia*, méid, acmhainní agus cineál na heagraíochta nó an fhiontair, mar aon le costais mheasta na mbeart sin nó ré saoil (teicniúil agus/nó eacnamaíoch) na mbonneagar agus na réad a úsáidtear chun seirbhís a sholáthar. Thairis sin, d'fhéadfadh ualach díréireach teacht chun cinn go háirithe i gcás ina mbeadh gá le hathruithe suntasacha struchtúracha chun rochtain a sholáthar ar mhaoin shochorraithe nó dhochorraithe atá faoi chosaint faoi rialacha náisiúnta mar gheall ar a luach stairiúil, cultúrtha, ealaíne nó ailtireachta.
- (20c) Chun dóthain ama a thabhairt chun na ceanglais a chomhlíonadh chun cóiríocht réasúnta a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas a leagtar amach sa Treoir seo, is iomchuí tréimhse thrasúí níos faide a chur ar fáil do na bearta sin.

(20d) Tá an Treoir seo gan dochar do ghníomhartha dlí an Aontais lena leagtar amach sonraíochtaí chun inrochtaineacht nó cóiríocht réasúnta a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas. Déantar foráil do na sonraíochtaí sin, *inter alia*, i Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 ón gCoimisiún²⁵, Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶, agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁷, agus Rialachán (AE) 2021/782²⁸. Thairis sin, le Treoir (AE) 2019/882, leagtar síos ceanglais inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas i ndáil le táirgí agus seirbhísí áirithe agus le Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí, leagtar síos ceanglais inrochtaineachta na suíomhanna gréasáin agus na bhfeidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí, rud a fhágann gur féidir leis na suíomhanna gréasáin agus na feidhmchláir mhóibíleacha sin a bheith níos inrochtana d'úsáideoirí, go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas. Bunaítear ceanglais dhlíthiúla eile *inter alia*, i Rialachán (AE) Uimh 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus i dTreoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. I gcás ina gcomhlíonfar, le ghníomhartha dlíthiúla an Aontais lena bhforáiltear do chaighdeáin nó sonraíochtaí mionsonraithe maidir le cóiríocht réasúnta i ndáil le hearraí nó seirbhísí ar leith, ba cheart a mheas go bhfuil ceanglais na Treorach seo maidir le cóiríocht réasúnta comhlíonta.

²⁵ Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheachta a bhaineann le hinrochtaineacht chóras iarnróid an Aontais do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (IO L 356, 12.12.2014, lch. 110).

²⁶ Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cearta paisinéirí in iompar de bhus agus de chóiste agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 55, 28.2.2011, lch. 1).

²⁷ Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir leis na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas agus daoine faoi mhíchumas luaineachta agus iad ag taisteal d'aer (IO L 204, 26.7.2006, lch. 1).

²⁸ Rialachán (AE) 2021/782 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid (athmhúnlú), IO L 172, 17.5.2021, lch. 1.

- (21) Ba cheart an toirmeasc ar idirdhealú a bheith gan dochar do chothabháil nó do ghlacadh beart ag na Ballstáit atá ceaptha chun míbhuntáistí a d'fhulaing grúpa daoine a bhfuil reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh ar leith acu, nó a bhfuil meascán saintréithe acu a bhaineann leis na forais shonracha idirdhealaithe sin, a chosc nó a chúiteamh. D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta sin tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí daoine agus d'eagraíochtaí do dhaoine a bhfuil reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh ar leith acu, i gcás inarb é cur chun cinn cuimsiú eacnamaíoch, cultúrtha nó sóisialta na ndaoine sin nó freastal ar a riachtanais ar leith an príomhchuspóir atá acu.
- (22) Leis an Treoir seo, leagtar síos íoscheanglais, ionas go dtabharfar an rogha do na Ballstáit forálacha níos fabhraí a thabhairt isteach nó a choinneáil. Níor cheart údar a thabhairt, le cur chun feidhme na Treorach seo, le haon chúlú i ndáil leis an staid atá ann cheana i ngach Ballstát.
- (23) Daoine a ndearnadh idirdhealú orthu bunaithe ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar ghnéaschlaonadh, ba cheart cosaint dhlíthiúil leordhóthanach a bheith acu. Chun leibhéal cosanta níos éifeachtaí a sholáthar, ba cheart comhlachais, eagraíochtaí agus eintitis dhlíthiúla eile a chumhachtú chun imeachtaí a thionscnamh, lena n-áirítear thar ceann aon íospartaigh nó mar thacaíocht don íospartach sin, gan dochar do rialacha náisiúnta níos imeachta maidir le hionadaíocht agus cosaint os comhair na gcúirteanna.
- (24) I gcomhréir le *acquis* an Aontais Eorpaigh maidir le comhionannas agus neamh-idirdhealú atá ann cheana féin, ba cheart na rialacha maidir leis an dualgas cruthúnais a oiriúnú nuair atá cás *prima facie* ann lena mbaineann idirdhealú agus, chun prionsabal na córa comhionainne a chur i bhfeidhm go héifeachtach, ba cheart an dualgas cruthúnais a aistriú ar ais chuig an bhfreagróir nuair a thugtar fianaise ar an idirdhealú sin. Mar sin féin, ní faoin bhfreagróir atá sé a chruthú go gcloíonn an t-éilitheoir le reiligiún nó creideamh ar leith, go bhfuil sé nó sí faoi mhíchumas ar leith nó, go bhfuil aois ar leith nó gnéaschlaonadh ar leith aige nó aici.

- (25) Tá cosaint bhreithiúnach leordhóthanach ar íospairt de dhíth chun prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme go héifeachtach.
- (26) Sa rún uaithi maidir le hobair leantach na Bliana Eorpaí um Chomhdheiseanna do Chách (2007), d'iarr an Chomhairle go mbeadh comhlachas iomlán na sochaí sibhialta ann, lena n-áirítear eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine atá i mbaol idirdhealaithe, na comhpháirtithe sóisialta agus na páirtithe leasmhara i gceapadh na mbeartas agus na gclár lena ndírítear ar idirdhealú a chosc agus comhionannas agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon.
- (27) Is léir ón taithí a fuarthas agus Treoracha 2000/43/CE, 2004/113/CE agus 2006/54/CE²⁹ á gcur i bhfeidhm go ndéanfaí an chosaint ar idirdhealú ar na forais a chumhdaítear leis an Treoir seo a neartú ach síneadh a chur le sainordú an chomhlachta comhionannais nó na gcomhlachtaí comhionannais atá ann cheana féin i ngach Ballstát maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo. Le Treoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle, bunaítear agus leagtar síos íoschaighdeáin maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais, go háirithe maidir lena n-éifeachtacht agus a neamhspleáchas. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag Treoir (AE) 2024/1499/AE ón gComhairle freisin maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo agus ba cheart í a leasú chun na críche sin. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit an Moladh ón gCoimisiún maidir le Caighdeáin do Chomhlachtaí Comhionannais an 22 Meitheamh 2018 a úsáid mar threoir chun éifeachtacht agus neamhspleáchas na gcomhlachtaí sin a fheabhsú.

²⁹ Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (IO L 204, 26.7.2006, lch. 23).

(28) Ba cheart do na Ballstáit bailiú sonraí maidir le cóir chomhionann agus idirdhealú a chur chun cinn, agus é d'aidhm acu go háirithe faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Chun na críche sin, féadfaidh na Ballstáit, mar shampla, bonnlínte nó spriocanna intomhaiste a leagan síos, nó a bheith i mbun sonraí cáilíochtúla agus/nó cainníochtúla a bhailiú. Chun críoch na Treorach seo, ba cheart a thuiscint as sonraí maidir le cóir chomhionann agus idirdhealú go n-áirítear iontu aon fhaisnéis a bheidh úsáideach agus ábhartha chun cur síos agus anailís a dhéanamh ar staid an chomhionannais, sa chiall go léirítear inti an bhfuil idirdhealú á dhéanamh agus/nó an bhfuil comhionannas ann agus/nó méid an idirdhealaithe agus/nó an chomhionannais sin. Féadfar a áireamh ar na sonraí a bhaileofar sonraí bonnlíne, sonraí déimeagrafacha agus socheacnamaíocha mar shampla, sonraí maidir le neamhionannais ábhartha agus neamhionannais a tharla, nó sonraí lenar féidir measúnú a dhéanamh ar bheartais reatha nó sonraí atá bunaithe ar tháscairí maidir le cearta an duine. Ba cheart sonraí a bhailiú i gcomhréir leis an reachtaíocht agus leis an gcleachtas náisiúnta agus i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí). Féadfaidh sonraí maidir le cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú a bheith ina gcatagóirí speisialta sonraí pearsanta de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679. Agus an Treoir seo á trasú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-áireofar sa reachtaíocht náisiúnta coimircí iomchuí is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta, go háirithe catagóirí speisialta sonraí pearsanta. Ba cheart do na Ballstáit slándáil, sláine, barántúlacht agus rúndacht na sonraí a bhailítear agus a stóráiltear chun críoch na Treorach seo a áirithiú freisin.

- (29) Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha i gcás sáruihte ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo. Is féidir a áireamh ar phionóis smachtbhannaí riaracháin agus airgeadais, lena n-áitítear fineálacha nó cúiteamh a íoc, mar aon le cineálacha eile smachtbhannaí.
- (30) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon leibhéal coiteann cosanta ar idirdhealú a áirithiú sna Ballstáit uile, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairstinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (31) I gcomhréir le mír 34 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr³⁰, moltar do na Ballstáit a gcuid táblaí féin a tharraingt suas, ar mhaithe leo féin agus ar mhaithe le leas an Aontais, táblaí ina ndéanfar an comhghaol idir an Treoir seo agus na bearta trasuite a léiriú a mhéid agus is féidir, agus iad a chur ar fáil don phobal.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

³⁰ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Cuspóir

Leis an Treoir seo, leagtar síos creat chun idirdhealú a chomhrac ar fhorais reiligiúin nó chreidimh, mhíchumais, aoise nó ghnéaschlaonta, chun go gcuirfear prionsabal na córa comhionainne i bhfeidhm sna Ballstáit laistigh de raon feidhme na Treorach seo.

Airteagal 2

Coincheap an idirdhealaithe

1. Chun críocha na Treorach seo, ciallóidh ‘prionsabal na córa comhionainne’ nach ndéanfar aon idirdhealú ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 1.
2. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘idirdhealú’:
 - (a) idirdhealú díreach ar cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 1, a mheasfar a tharlaíonn i gcás ina ndéileáiltear le duine amháin le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear, a déileáladh nó a dhéileálfai le duine eile i staid inchomparáide;
 - (b) idirdhealú indíreach ar cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 1, a mheasfar a tharlaíonn i gcás ina gcuirfeadh foráil, critéar nó cleachtas a dhealraíonn a bheith neodrach, daoine a bhfuil reiligiún nó creideamh, míchumas, aois, nó gnéaschlaonadh áirithe acu faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine eile, mura rud é go bhfuil údar oibiachtúil leis an bhforáil, leis an gcritéar nó leis an gcleachtas de bharr aidhm dhlisteanach agus go bhfuil na modhanna chun an aidhm sin a ghnóthú iomchuí agus riachtanach;

- (c) ciapadh a bhaineann le ceann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 1, a mheasfar a tharlaíonn i gcás iompar neamh-inmhianaithe arna dhéanamh arb é is aidhm nó is éifeacht dó dínit duine a shárú agus timpeallacht bhagrach, naimhdeach, tháireach, uiríslithe nó ghránna a chruthú. Sa chomhthéacs sin, féadfar coincheap an chiaptha a shainiú i gcomhréir le dlíthe náisiúnta agus le cleachtas náisiúnta na mBallstát;
 - (d)
 - (d-b) treoir a thabhairt idirdhealú a dhéanamh ar dhaoine, ar cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 1;
 - (e) diúltú cóiríocht réasúnta a dhéanamh ar dhaoine faoi mhíchumas, a mheasfar a tharlaíonn i gcás ina mainnítear Airteagal 4a den Treoir seo a chomhlíonadh;
3. Áirítear le hidirdhealú faoin Treoir seo idirdhealú atá bunaithe ar theaghlaim de na forais idirdhealaithe a leagtar amach in Airteagal 1, chomh maith le teaghlaim de cheann amháin nó níos mó de na forais sin agus aon cheann de na forais idirdhealaithe arna gcosaint faoi Threoir 2000/43/CE, Treoir 2004/113/CE, nó Treoir 79/7/CEE.
- 4.
- 5.
- 5a. Féadfar glacadh le difríochtaí sa chóir ar fhorais aoise má tá aidhm dhlisteanach ina húdar cuí leo, lena n-áirítear cuspóirí dlisteanacha maidir le beartas sláinte agus sóisialta, agus má tá na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach.

- 7a. Maidir le difríochtaí i bpréimheanna, i sochair árachais, i bpraghsanna, i muirir nó i dtáillí daoine aonair i soláthar seirbhísí árachais, baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile bunaithe ar aois, ní hionann iad agus idirdhealú aoise i gcás ina bhfuil údar oibiachtúil agus réasúnach leis na difríochtaí sin de bharr aidhm dhlísteanach agus i gcás ina bhfuil na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach. Is amhlaidh a bheidh i gcás inar toisc chinntitheach í aois chun riosca a mheasúnú i gcás na seirbhíse i gceist, agus sa chás sin amháin, ach amháin a mhéid atá an measúnú ar na rioscaí bunaithe ar shonraí achtúireacha nó staitistiúla atá cruinn, ábhartha agus cothrom le dáta nó – mura bhfuil na sonraí sin ar fáil nó mura bhfuil dóthain sonraí ann – bunaithe ar eolas leighis atá ábhartha agus iontaofa agus a mhéid a chuirtear san áireamh sa mheasúnú ar na rioscaí cás sonracha an iarratasóra maidir leis an tseirbhís árachais, seirbhís baincéireachta nó seirbhís eile airgeadais.
7. Maidir le difríochtaí i bpréimheanna, i sochair árachais, i bpraghsanna, i muirir nó i dtáillí daoine aonair i soláthar seirbhísí árachais, seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile bunaithe ar riocht sláinte, ní hionann iad agus idirdhealú de réir bhrí na Treorach i gcás ina bhfuil údar oibiachtúil agus réasúnach leis na difríochtaí sin de bharr aidhm dhlísteanach agus i gcás ina bhfuil na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach. Is amhlaidh a bheidh i gcás ina gceanglaítear leis sin gur toisc chinntitheach é an riocht sláinte chun riosca a mheasúnú i gcás na seirbhíse a bheidh i gceist, agus sa chás sin amháin, agus ní bheidh sé amhlaidh ach a mhéid atá an measúnú ar rioscaí bunaithe ar shonraí achtúireacha nó staitistiúla atá cruinn, ábhartha agus cothrom le dáta nó – mura bhfuil na sonraí sin ar fáil nó mura bhfuil dóthain sonraí ann – bunaithe ar eolas leighis atá ábhartha agus iontaofa agus a mhéid a chuirtear san áireamh sa mheasúnú ar na rioscaí cás sonracha an iarratasóra maidir leis an tseirbhís árachais, seirbhís baincéireachta nó seirbhís eile airgeadais.
6. Féadfar cóir fhabhrach atá bunaithe ar aois nó ar mhíchumas a cheadú, más aidhm dhlísteanach an t-údar oibiachtúil atá léi, agus más iomchuí agus riachtanach na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach. Féadfaidh cóir fhabhrach chun cuimsiú, comhtháthú nó rannpháirtíocht sa tsochaí a áirithiú ar bhonn comhionann le daoine eile a bheith i bhfoirm saor-rochtana, taraifí laghdaithe nó rochtain fhabhrach agus féadfar iad a cheadú faoin Treoir seo mar chóir chuí riachtanach lena bhfuil údar maith.

8. Beidh an Treoir seo gan dochar do bhearta a leagtar síos sa dlí náisiúnta, ar bhearta iad atá iomchuí agus riachtanach, i sochaí dhaonlathach, chun an tslándáil phoiblí agus an t-ord poiblí a choimeád, chun an choireacht a chosc, chun mionaoisigh a chosaint, chun sláinte agus sábháilteacht a chosaint agus chun cearta agus saoirsí bunúsacha daoine eile a chosaint, mar a chosnaítear faoin gCairt um Chearta Bunúsacha, lena n-áirítear cosaint an tsaoil phríobháidigh agus an tsaoil teaghlaigh, cearta daoine scothaosta, an ceart chun saoirse reiligiúin, saoirse comhlachais, saoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse an phreasa, saoirse faisnéise, saoirse conartha agus an tsaoirse fiontraíochta.

Airteagal 3
Raon feidhme

1. Laistigh de theorainneacha na n-inniúlachtaí a thugtar don Aontas Eorpach agus laistigh de na teorainneacha a leagtar amach i mír 2 agus lán-urraim á tabhairt do phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, beidh feidhm ag an toirmeasc ar idirdhealú maidir le gach duine, a mhéid a bhaineann leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach araon, lena n-áirítear comhlachtaí poiblí, i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) rochtain ar chosaint shóisialta, a mhéid a bhaineann sí le slándáil shóisialta, agus ar chúnamh sóisialta, ar thithíocht shóisialta agus ar chúram sláinte.

Áireofar le rochtain faoin bpointe seo an próiseas chun faisnéis a lorg, iarratas a dhéanamh agus clárú mar aon le soláthar iarbhír beart cosanta sóisialta.

(b)

(c) rochtain ar oideachas.

Áireofar le rochtain faoin bpointe seo an próiseas chun faisnéis a lorg, iarratas a dhéanamh agus clárú mar aon le hiontráil agus rannpháirtíocht iarbhír i ngníomhaíochtaí oideachais;

(d) rochtain ar earraí agus seirbhísí agus iad a sholáthar, lena n-áirítear tithíocht, atá ar fáil don phobal.

Áireofar le rochtain faoin bpointe seo an próiseas chun faisnéis a lorg, iarratas a dhéanamh, clárú, ordú, cur in áirithe, fáil ar cíós agus ceannach mar aon le soláthar agus teachtadh iarbhír na n-earraí agus na seirbhísí atá i gceist.

2. Níl feidhm ag an Treoir seo maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) ábhair a chumhdaítear leis an dlí teaghlaigh, lena n-áirítear stádas pósta agus uchtú, chomh maith le cearta atáirgthe, ná teidlíochtaí gaolmhara sochar slándála sóisialta atá nasctha le stádas pósta;
- (b) eagrú agus cistiú chórais chosanta sóisialta na mBallstát, bunú agus bainistiú na gcóras sin agus na socruithe gaolmhara chomh maith le substaint, méid, ríomh agus ré na sochar agus na seirbhísí, agus na coinníollacha incháilitheachta do na sochair agus na seirbhísí sin, lena n-áirítear teorainneacha aoise;
- (c)
- (d) eagrú agus cistiú chórais oideachais na mBallstát, lena n-áirítear institiúidí oideachais a bhunú agus a bhainistiú, an t-ábhar múinteoireachta agus gníomhaíochtaí oideachais, curaclaim a fhorbairt, próisis scrúdaithe a shainiú, agus na coinníollacha incháilitheachta, lena n-áirítear socrú táillí chomh maith le teorainneacha aoise do scoileanna, do chúrsaí nó do scoláireachtaí, deontais agus iasachtaí do mhic léinn;
- (e) difríochtaí sa chóir atá bunaithe ar reiligiún nó creideamh duine maidir le hiontráil in institiúidí oideachais, a bhfuil a n-éiteas bunaithe ar reiligiún nó ar chreideamh, i gcomhréir le dlíthe, traidisiúin agus cleachtais náisiúnta.
- (f) rochtain ar earraí agus seirbhísí agus iad a sholáthar, lena n-áirítear tithíocht, a thairgtear laistigh de réimse an tsaoil phríobháidigh agus teaghlaigh agus na hidirbhearta a dhéantar sa chomhthéacs sin.

- 3.
- 3a. Tá an Treoir seo gan dochar do bhearta náisiúnta lena n-údaráítear nó lena dtoirmiscear siombailí reiligiúnacha a chaitheamh agus ní chuirtear teorainn léi le hinniúlacht na mBallstát i dtaca leis na hábhair sin.
4. Tá an Treoir seo gan dochar don reachtaíocht náisiúnta lena n-áirithítear cineál saolta an Stáit, institiúidí nó comhlachtaí Stáit, nó an oideachais, nó maidir le stádas eaglaisí agus eagraíochtaí eile atá bunaithe ar reiligiún nó ar chreideamh agus ní chuirtear teorainn léi le hinniúlacht na mBallstát i dtaca leis na hábhair sin mar a aithnítear in Airteagal 17 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
- 4a. Tá an Treoir seo gan dochar do bhearta náisiúnta spriocdhírithé lena ndeonaítear cóir fhabhrach neamh-idirdhealaitheach a mhéid a bhaineann le sochair shóisialta áirithe nuair is gá agus a fhad is gá chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán déimeagrafach a bhaineann le rátaí breithe atá ag meath arna léiriú le sonraí cruinne lena léirítear an meath sin sna rátaí breithe.
5. Ní chumhdaítear leis an Treoir seo difríochtaí sa chóir atá bunaithe ar náisiúntacht agus tá sí gan dochar do na forálacha agus do na coinníollacha a bhaineann le teacht isteach agus cónaí náisiúnach tríú tíortha agus daoine gan stát i gcríoch na mBallstát, agus d'aon chóir a eascraíonn as stádas dlíthiúil na náisiúnach tríú tíortha agus na ndaoine gan stát lena mbaineann.
- 5a. Ní hionann difríochtaí sa chóir a eascraíonn as éagsúlachtaí réigiúnacha nó áitiúla i leibhéal na seirbhísí leasa ghinearálta agus idirdhealú de réir bhrí na Treorach seo.

Airteagal 4

Airteagal 4a

Cóiríocht réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas

1. Chun a ráthú go gcomhlíonfar prionsabal na córa comhionainne i ndáil le daoine faoi mhíchumas, cuirfear cóiríocht réasúnta ar fáil laistigh de na réimsí a leagtar amach in Airteagal 3.
2. Chun críoch mhír 1, ciallaíonn cóiríocht réasúnta modhnú agus coigeartuithe riachtanacha agus iomchuí gan ualach díréireach a fhorchur, más gá i gcás ar leith, chun a áirithiú go dteachtfaidh nó go bhfeidhmeoidh an duine faoi mhíchumas, ar bhonn comhionann le daoine eile, rochtain ar bheart cosanta sóisialta, ar an oideachas, agus ar tháirgí agus seirbhísí mar aon le soláthar na dtáirgí agus na seirbhísí sin, faoi raon feidhme na Treorach seo.
3. Le linn dó tithíocht a sholáthar, ní cheanglófar le míreanna 1 agus 2 ar an soláthraí athruithe struchtúracha a dhéanamh ar an áitreabh nó íoc astu. I gcomhréir leis an dlí agus leis an gcleachtas náisiúnta, glacfaidh soláthraí tithíochta leis na hathruithe sin má chistítear iad ar shlí eile agus mura bhforchuirtear ualach díréireach leo.
4. Beidh forálacha an Airteagail seo gan dochar d'fhorálacha dhlí an Aontais lena gcumhdaítear inrochtaineacht nó cóiríocht réasúnta i ndáil le hearraí nó seirbhísí áirithe.

5. Ar mhaithe lena mheas an bhforchuirfí ualach díréireach leis na bearta is gá chun an tAirteagal seo a chomhlíonadh, cuirfear san áireamh, go háirithe, na nithe seo a leanas:

- (a) méid, acmhainní, cineál agus glanláimhdeachas agus glanbhrabús iompróir an dualgais;
- (aa) an tionchar diúltach ar an duine faoi mhíchumas dá ndéantar difear de bhrí nach gcuirfear an beart iomchuí agus riachtanach ar fáil;
- (b) costas measta an bhirt is iomchuí agus is gá;
- (c) an sochar a mheastar a bheidh ann do dhaoine faoi mhíchumas go ginearálta, agus minicíocht agus fad úsáid na n-earraí agus na seirbhísí ábhartha agus minicíocht agus fad an chaidrimh leis an díoltóir nó leis an soláthraí á gcur san áireamh;
- (ca) méid an chistiúcháin phoiblí atá ar fáil d'iompróir an dualgais chun an beart is iomchuí agus is gá a dhéanamh;
- (d)
- (e) luach stairiúil, cultúrtha, ealaíne nó ailtireachta na maoine sochorraithe nó dochorraithe atá i gceist; agus
- (f) sábháilteacht agus praiticiúlacht na mbeart atá i gceist.

Ní mheasfar an t-ualach a bheith díréireach nuair a dhéanfar é a leigheas go leordhóthanach le bearta atá ann cheana faoi chuimsiú bheartas míchumais an Bhallstáit lena mbaineann.

2.

3.

Airteagal 5
Gníomhaíocht dhearfach

1. D'fhonn comhionannas iomlán iarbhír a áirithiú, ní chuirfidh prionsabal na córa comhionainne cosc ar aon Bhallstát bearta sonracha a choimeád ar bun nó a ghlacadh chun míbhuntáistí a bhaineann le reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh a chosc nó a chúiteamh.

Airteagal 6
Na híoscheanglais

1. Féadfaidh na Ballstáit forálacha a thabhairt isteach nó a choinneáil atá níos fabhraí do chosaint phrionsabal na córa comhionainne ná na forálacha a leagtar síos sa Treoir seo.
2. Ní bheidh cur chun feidhme na Treorach seo ina fhoras, i gcás ar bith, chun laghdú a dhéanamh ar an leibhéal cosanta ar an idirdhealú a thugann na Ballstáit cheana féin sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir seo.

CAIBIDIL II
LEIGHEASANNA AGUS FORFHEIDHMIÚ

Airteagal 7
Cearta a chosaint

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh nósanna imeachta breithiúnacha agus/nó riaracháin, lena n-áirítear, i gcás ina measfaidh siad gurb iomchuí é, nósanna imeachta malartacha um réiteach díospóidí, le haghaidh fhorfheidhmiú na n-oibleagáidí faoin Treoir seo ar fáil do gach duine a measann go ndearnadh éagóir orthu trí mhainneachtain prionsabal na córa comhionainne a chur i bhfeidhm maidir leo, fiú amháin nuair a bheidh deireadh leis an gcaidreamh ina líomhnaítear gur tharla an t-idirdhealú.
2. Maidir le comhlachais, eagraíochtaí nó eintitis dhlíthiúla eile, a bhfuil leas dlisteanach acu, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos lena ndlí náisiúnta, chun a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha na Treorach seo, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh siad a bheith rannpháirteach, thar ceann nó le tacaíocht an ghearánaigh, le formheas an ghearánaigh, in aon nós imeachta breithiúnach agus/nó riaracháin dá bhforáiltear chun oibleagáidí faoin Treoir seo a fhorfheidhmiú.
3. Beidh míreanna 1 agus 2 gan dochar do rialacha náisiúnta maidir le teorainneacha ama chun caingne a thionscnamh maidir le prionsabal na córa comhionainne.
4. Tá an fhoráil seo gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 10 de Threoir 2024/1499/AE ón gComhairle.

Airteagal 8
Dualgas cruthúnais

1. Déanfaidh na Ballstáit cibé bearta is gá, i gcomhréir lena gcórais náisiúnta bhreithiúnacha, chun a áirithiú, maidir le daoine a measann go ndearnadh éagóir orthu toisc nár cuireadh prionsabal na córa comhionainne i bhfeidhm maidir leo, nuair a dhéanfaidh siad fíorais as a bhféadfar a thiomhdiú go ndearnadh idirdhealú a shuí os comhair cúirte nó údarás inniúil eile, gur faoin bhfreagróir a bheidh sé a chruthú nach ndearnadh aon sárú ar an toirmeasc ar idirdhealú.
2. Ní chuirfear cosc ar na Ballstáit le mír 1 rialacha fianaise a thabhairt isteach atá níos fabhraí d'éilitheoirí.
3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le nósanna imeachta coiriúla.
4. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan mír 1 a chur i bhfeidhm maidir le nósanna imeachta ina ndéanann an chúirt nó comhlacht inniúil eile fíorais an cháis a imscrúdú.
5. Beidh feidhm ag míreanna 1, 2, 3 agus 4 den Airteagal seo freisin maidir le haon imeachtaí dlíthiúla a thionscnófar i gcomhréir le hAirteagal 7(2).

Airteagal 9
Íospairt

Tabharfaidh na Ballstáit isteach ina gcórais dlí náisiúnta cibé bearta is gá chun daoine aonair a chosaint ar aon chóir dhíobhálach nó iarmhairt dhíobhálach mar fhreagairt ar ghearán nó ar imeachtaí arb é is aidhm dóibh comhlíonadh phrionsabal na córa comhionainne a fhorfheidhmiú.

Airteagal 10
Faisnéis a scaipeadh

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na forálacha a ghlacfar de bhun na Treorach seo, mar aon leis na forálacha ábhartha atá i bhfeidhm cheana féin, a thabhairt ar aird do na daoine lena mbaineann ar bhealaí iomchuí ar fud a gcríche.

Airteagal 11
Idirphlé leis na páirtithe leasmhara ábhartha

D'fhonn prionsabal na córa comhionainne a chur chun cinn, spreagfaidh na Ballstáit idirphlé le páirtithe leasmhara ábhartha, a bhfuil leas dlisteanach acu, i gcomhréir lena ndlí agus a gcleachtas náisiúnta, rannchuidiú le comhrac an idirdhealaithe ar na forais agus sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir seo.

Airteagal 12

CAIBIDIL III FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 13

Comhlíonadh

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go n-urramófar prionsabal na córa comhionainne laistigh de raon feidhme na Treorach seo agus go háirithe:

- (a) go gcuirfear deireadh le haon dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin atá contrártha do phrionsabal na córa comhionainne;
- (b) maidir le haon fhorálacha conarthacha, rialacha inmheánacha gnóthas, agus rialacha lena rialaítear comhlachais bhrabúsacha nó neamhbhrabúsacha atá contrártha do phrionsabal na córa comhionainne, go ndearbhófar iad a bheith ar neamhní go hiomlán, nó go bhféadfar a dhearbhu go bhfuil siad ar neamhní go hiomlán, nó go leasófar iad.

Airteagal 14

Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad. Féadfar íocaíocht chúitimh a áireamh sna pionóis, nach féidir a shrianadh trí uasteorainn a shocrú roimh ré, agus ní mór dóibh a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Airteagal 14a

Príomhshruthú inscne

Cuirfidh na Ballstáit san áireamh, agus an Treoir seo á cur chun feidhme acu, an aidhm deireadh a chur le neamhionannais idir fir agus mná, agus comhionannas eatarthu a chur chun cinn.

Airteagal 14b
Leasuithe ar Threoir 2024/1499/AE
(Treoir arna glacadh ar bhonn COM/2022/689 final)

Leasaítear Treoir 2024/1499/AE mar a leanas:

- (1) In Airteagal 1(1) agus (2), Airteagal 4, Airteagal 5(1) agus (2), Airteagal 8(1), Airteagal 10(1), Airteagal 15 agus Airteagal 16(2), agus (4), cuirtear ‘Treoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE, 2004/113/CE agus XX/XX (*Treoir arna glacadh ar bhonn COM/2008/0426 final*)’ in ionad ‘Treoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE’.
- (2) In Airteagal 6(1), cuirtear ‘Airteagal 4 de Threoir 79/7/CEE, Airteagal 2 de Threoir 2000/43/CE, Airteagal 2 de Threoir 2000/78/CE, Airteagal 4 de Threoir 2004/113/CE nó Airteagal 2 de Threoir XX/XX (*Treoir arna glacadh ar bhonn COM/2008/0426 final*)’ in ionad ‘Airteagal 4 de Threoir 79/7/CEE, Airteagal 2 de Threoir 2000/43/CE, Airteagal 2 de Threoir 2000/78/CE agus Airteagal 4 de Threoir 2004/113/CE’.

Airteagal 15
Cur chun feidhme

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [3 bliana tar éis an ghlactha]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach agus cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh an tagairt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar na tagairtí sin.

2. Maidir le hAirteagal 4a, beidh na Ballstáit i dteideal tairbhe a bhaint as síneadh ama ar an tréimhse thrasúí dá dtagraítear i mír 1 suas le 2 bhliain. Chun na críche sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus cuirfidh siad an dáta trasúí ábhartha in iúl faoin [3 bliana tar éis a ghlactha].
- 3.
4. Déanfaidh na Ballstáit bailiú sonraí maidir le cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn. Baileofar sonraí i gcomhréir leis an reachtaíocht agus leis an gcleachtas náisiúnta agus i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

Airteagal 16

Tuarascáil

1. Faoin [4 bliana tar éis an dáta dá bhforáiltear in Airteagal 15(1)] agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis uile is gá in iúl don Choimisiún chun tuarascáil a tharraingt suas do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo.
2. Cuirfear san áireamh sa tuarascáil ón gCoimisiún, de réir mar is iomchuí, dearthaí na gcomhlachtaí comhionannais náisiúnta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha, chomh maith le dearthaí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. I gcomhréir le prionsabal an phríomhshruthaithe inscne, mar a leagtar síos in Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, soláthrófar sa tuarascáil sin, *inter alia*, measúnú ar thionchar na mbeart arna ndéanamh ar mhná agus ar fhir. I bhfianaise na faisnéise a gheofar, áireofar sa tuarascáil sin, más gá, tograí chun an Treoir seo a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta.

Airteagal 17
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 14b ón ... [*deireadh thréimhse thrasuí na Treorach seo*].

Airteagal 18
Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.
